An Coimisiún Eorpach

# An tSeachtain Eorpach um scileanna gairme

**2018 | TREOIRLÍNTE CHUN IMEACHT NÓ GNÍOMHAÍOCHT DE DO CHUID FÉIN A EAGRÚ**

#DiscoverYourTalent

Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú

# GLAC PÁIRT SA tSEACHTAIN EORPACH UM SCILEANNA GAIRME sa bhliain 2018 agus TABHAIR DO THALLANN CHUN SOLAIS!

## TREOIRLÍNTE CHUN IMEACHT NÓ GNÍOMHAÍOCHT DE DO CHUID FÉIN A EAGRÚ

### CÉARD É AN tSEACHTAIN EORPACH UM SCILEANNA GAIRME?

Is tionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme a bhfuil sé mar aidhm leis **gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET)** – a chuireann ar chumas daoine na scileanna praiticiúla a shealbhú chun poist a aimsiú in earnálacha cosúil le hobair trádála, miondíol, fáilteachas agus teicneolaíocht – a dhéanamh níos mealltaí. Áirítear mar chuid den tionscnamh imeachtaí agus gníomhaíochtaí i dtíortha rannpháirteacha ar fud na hEorpa, ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Beidh an deis ag páirtithe leasmhara a ghlacfaidh páirt sa tSeachtain samplaí de bharr feabhais sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a roinnt.

### CÁ hUAIR?

Ag leanúint leis an rath a bhí ar an imeacht le dhá bhliain anuas, reáchtálfar an tríú **Seachtain Eorpach um Scileanna Gairme** idir an **5-9 Samhain 2018**. Is i **Vín** a reáchtálfar na príomhimeachtaí agus na príomhghníomhaíochtaí i mbliana, imeachtaí agus gníomhaíochtaí atá eagraithe i ndlúthchomhar le hUachtaránacht Ostarach Chomhairle an AE, agus reáchtálfar imeachtaí oscailte náisiúnta éagsúla i roinnt Ballstát eile chomh maith.

Ach is í an chuid is tábhachtaí den tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme imeachtaí agus gníomhaíochtaí **a bheidh eagraithe agatsa** ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus **Eorpach** fiú, idir an **1 Meán Fómhair agus 31 Nollaig 2018**. **Féadfaidh tú páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile i do thír féin nó dul i bpáirt le páirtithe leasmhara ó thíortha eile.** Tugaimid cuireadh duit d'imeacht a chlárú trí leathanach gréasáin an Choimisiúin don tSeachtain (http://ec.europa.eu/vocational-skills-week), ionas gur féidir d'imeacht a chur leis an léarscáil leictreonach, áit a mbeidh sé le feiceáil ag gach duine. D'fhéadfadh go n-áireofaí d'imeacht i measc na n-imeachtaí a dtarraingíonn an Coimisiún aird orthu nuair a bhíonn poiblíocht á déanamh ar an tSeachtain!

## CÉ HIAD NA DAOINE AR FÉIDIR LEO PÁIRT A GHLACADH SA TSEACHTAIN?

Is féidir le gach eagraíocht a chuireann an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint chun cinn i mBallstáit ar bith de chuid an AE, tíortha is iarrthóirí AE agus tíortha CSTE, páirt a ghlacadh sa tSeachtain. Tá imeachtaí arna n-eagrú ag an bhFondúireacht Eorpach Oiliúna (gníomhaireacht AE), nó i gcomhar léi, ina dtíortha comhpháirtíochta, incháilithe chomh maith.

Áirítear ar na daoine aonair agus eagraíochtaí ar féidir leo páirt a ghlacadh sa tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme:

- foghlaimeoirí óga agus fásta;
- múinteoirí, oiliúnóirí, comhairleoirí agus taighdeoirí;
- soláthraithe oiliúna oideachais;
- gnóthaí, comhlachais, ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí;
- daoine atá i gceannas ar chláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, gréasáin beartais agus tionscnaimh a bhaineann le gairmoideachas agus gairmoiliúint.

## CÉN FÁTH A MBEIFEÁ PÁIRTEACH?

Deis uathúil is ea an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme le dul i dteagmháil leis an tsochaí i gcoitinne, agus cuidiú a thabhairt le próifíl an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú i do phobal agus ar fud na hEorpa. Deis atá ann do phríomhpháirtithe leasmhara ag a bhfuil spriocanna comhchosúla teacht le chéile i gcomhiarracht lena mbaintear an leas is fearr as do rath aonair.

Trí do rannpháirtíocht, beidh tú ábalta:

- comhbhrandáil a dhéanamh ar d'imeacht nó ar do ghníomhaíocht trí úsáid a bhaint as an amharc-aithne agus mana uathúil **'An tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme — Tabhair do Thallann chun Solais!** amharc-aithne agus mana;
- a bheith mar pháirt de ghréasán mór daoine agus eagraíochtaí a chuireann forbairt na scileanna gairme chun cinn;
- obair agus imeachtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna a chur chun cinn, níos mó airde a tharraingt ar an obair atá ar bun agat, agus níos mó poiblíochta a dhéanamh.

## CÉN FÁTH A GCUIRFEÁ AN GAIRMOIDEACHAS AGUS AN GHAIRMOILIÚINT CHUN CINN?

Soláthraíonn gairmoideachas agus gairmoiliúint an méid seo a leanas do dhaoine: scileanna praiticiúla agus inaistrithe, an t-eolas agus na hinniúlachtaí a theastaíonn ón margadh saothair, agus an cumas ról a bheith acu sa tsochaí i gcoitinne.

Déanann daoine óga agus daoine fásta cinntí faoina ngairmeacha gach lá. **Is féidir le d'imeacht nó gníomhaíocht** cuidiú leo na tairbhí a bhaineann le gairmoideachas agus gairmoiliúint a roghnú a thabhairt faoi deara. Cibé acu an é oideachas foirmiúil do dhaoine óga, gairmoiliúint leanúnach do dhaoine fásta, ardoiliúint theicniúil, ardoideachas gairmiúil nó cineál ar bith eile foghlama a bhaineann le poist, trí do rannpháirtíocht is féidir an fhairsinge roghanna atá ar fáil ar fud na hEorpa a chur i mbéal an phobail.

## CAD IAD PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ AGUS PRÍOMHTHÉAMAÍ SHEACHTAIN 2018?

**Príomhtheachtaireachtaí**

- Tá gach duine **cumasach** agus is féidir dul i muinín an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna chun an cumas sin a aithint agus a fhorbairt;
- Is rogha mhaith é an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint do dhaoine **is cuma cén aois iad,** mar aon le bealach chun iad a ullmhú le tabhairt faoi ghairmeacha **spéisiúla ar fud an domhain;**
- Cuireann an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint le **hinfhostaitheacht**, tacaíonn sé le **forbairt phearsanta** agus d'fhéadfadh sé a bheith mar bhonn le **poist ardchaighdeáin**;
- Feabhsaíonn an **fhoghlaim ar feadh an tsaoil** an cuimsiú sóisialta, éagsúlacht agus saoránacht ghníomhach.

**Téamaí**

- **Todhchaí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna** lena n-áirítear:
  - digitiú;
  - daoine a chumhachtú chun a ngairmeacha a bhainistiú agus a scileanna a fhorbairt i gcaitheamh a saoil;
  - bailíochtú foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil;
  - tábhacht scileanna a bhaineann leis an 21ú haois;
  - ról ceannairí/múinteoirí/oiliúnóirí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna;
  - inmheánú an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna.

## CONAS IS FÉIDIR LEAT PÁIRT A GHLACADH?

Tá a lán **imeachtaí** ann lenar féidir dul i bhfeidhm ar dhaoine, próifíl do thionscnaimh ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a mhéadú, agus cur lena mealltacht:

- Laethanta oscailte (m.sh. ag scoileanna, gnóthaí, agus in ionaid foghlama);
- Laethanta gairme, aontaí oideachais, turais agus seónna trádála;
- Seisiúin 'cuir ceist ar shaineolaí' san ionad oibre;
- Laethanta/oícheanta faisnéise ina gcuirtear gairmchláir i láthair;
- Comórtais, tráth na gceist nó cluichí comórtais náisiúnta/réigiúnacha/áitiúla agus searmanais bhronnta;
- Seimineáir ghréasáin ina gcuirtear forbairt scileanna gairme chun cinn;
- Seisiúin Facebook Live, le daoine suimiúla a chuireann forbairt ghairmiúil ar feadh na gairme chun cinn;
- Comhdhálacha ina gcuirtear i láthair treochtaí nua i bhfoghlaim san ionad oibre;

- Cruinnithe comhchéime/comhráite d’eagraíochtaí earnála ina bpléitear an gá atá le scileanna gairme nó bealaí a bhféadfaí scileanna gairme a fhorbairt;
- Cainteanna ina dtarraingítear aird ar phríomhthorthaí taighde ar scileanna gairme;
- Cruinnithe ina mbíonn ráitis nó fógraí á ndéanamh ag ionadaithe polaitiúla áitiúla a thacaíonn leis an tábhacht a bhaineann leis an ngairmfhoghlaim ar feadh an tsaoil;
- Daoine mór le rá ag tabhairt cuairte ar chuideachtaí chun ‘post difriúil a dhéanamh ar feadh lae’;
- Léirithe ar uirlisí nua ‘bailithe smaointe’ do do lucht oibre (m.sh. inlíne, blag do dhaoine faoi oiliúint agus d’fhostaithe, cláir bainistíochta smaointe).

Le cois imeachtaí a eagrú, is féidir leat cabhrú chomh maith **trí chineálacha eile gníomhaíochtaí:**

- Comórtais grianghraf nó físeán/blaganna a eagrú d’fhoghlaimeoirí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, chun léargas a thabhairt ar an gcúis a mbaineann siad sult as a ngairmoiliúint nó chun an méid atá bainte amach acu ó bronnadh cáilíocht orthu a léiriú (ná déan dearmad úsáid a bhaint as na meáin shóisialta!);
- Feachtais spriocdhírithe meán a eagrú ina n-áirítear eiseamláirí do dhaoine óga agus céimithe rathúla an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna;
- Straitéis cumarsáide a fhorbairt do d’eagraíocht chun próifíl an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú – lena n-áirítear deiseanna fostaíochta;
- Ambasadóirí/eiseamláirí a ainmniú chun a dtaithí dhearfach ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint a roinnt (m.sh. cócairí mór le rá, dearthóirí grafaicí, amhránaithe/aisteoirí, pearsana spóirt, dearthóirí faisin);
- Tabhair faoi ghníomhaíochtaí ar líne agus gníomhaíochtaí meán sóisialta (m.sh. cuir tús le comhrá nó imeacht meán sóisialta ar líne le saineolaithe ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint).

Le haghaidh do chuid imeachtaí nó gníomhaíochtaí uile, bain leas as na gréasáin atá forbartha agat cheana agus bunaigh comhpháirtíochtaí nua le príomhpháirtithe leasmhara.

Chomh maith leis sin, d’fhéadfá ceann ar bith de d’imeachtaí nó de do ghníomhaíochtaí atá le reáchtáil amach anseo a oiriúnú nó a athbhrandáil chun é a áireamh mar chuid den tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme, trí úsáid a bhaint as amharc-aithne agus príomhtheachtaireachtaí na Seachtaine.

## CONAS IS FÉIDIR LEAT D’IMEACHT NÓ DO GHNÍOMHAÍOCHT A PHLEANÁIL?

Seo a leanas roinnt **moltaí** simplí chun cuidiú leat d’imeacht nó do ghníomhaíocht a ullmhú ó bhonn, nó chun imeacht nó gníomhaíocht reatha a oiriúnú/a athbhrandáil:

- Tionóil seisiún tobsmaointeoireachta (laistigh de d’eagraíocht féin nó le comhpháirtithe eile) chun plé a dhéanamh faoi cad a bheidh i gceist le do ghníomhaíocht.
- Bunaigh d’amlíne agus do phlean. Ba cheart an ghníomhaíocht a reáchtáil idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2018.

- Déan cinneadh maidir leis an spriocphobal meáin a bheidh agat.
- Déan do mhacnamh ar an mbealach is fearr chun dul i bhfeidhm ar an bpobal meáin sin. Cad a spreagfadh a suim nó a bheadh úsáideach dóibh? Cad iad na gníomhartha ar mian leat go ndéanfaidh siad?
- Smaoinigh ar an mbealach a ndéanfaidh tú do phríomhtheachtaireachtaí a chomhtháthú i do ghníomhaíocht agus i d'ábhair phroimóisin.
- Bain leas as an rath a bhí ar ghníomhaíochtaí a rinneadh roimhe seo agus bíodh siad mar spreagadh agat don ghníomhaíocht phromóisin áirithe seo.
- Deimhnigh cibé an bhfuil buiséad agat do ghníomhaíochtaí beartaithe ar bith nó nach bhfuil, mar go bhféadfadh go mbeadh scóip do ghníomhaíochtaí ag brath air seo.
- Smaoinigh ar bhealaí difriúla chun do ghníomhaíocht a chur chun cinn i measc do phobal meáin níos leithne, agus chun na teachtaireachtaí a scaipeadh ina dhiaidh sin.

Nuair a bheidh an phleanáil déanta agat, comhlánaigh an fhoirm chlárúcháin atá ar fáil ag an nasc seo: http://ec.europa.eu/vocational-skills-week. Déanfar na himeachtaí nó na gníomhaíochtaí uile a chlárófar trí shuíomh gréasáin an Choimisiúin a scagadh lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis is gá curtha ar fáil agus go bhfuil do ghníomhaíocht ag teacht le haidhmeanna na Seachtaine. Déanfar teagmháil leat le haghaidh tuilleadh soiléirithe nó le deimhniú gur cuireadh d'imeacht ar an léarscáil ar shuíomh gréasáin na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme.

## CÉARD É AN CHÉAD RUD EILE?

Nuair a gheobhaidh tú deimhniú go gcuirfear d'imeacht nó do ghníomhaíocht ar an léarscáil, gheobhaidh tú ábhar treorach agus pacáiste cumarsáide chomh maith, lena n-áirítear faisnéis maidir le conas d'ábhair phroimóisin a ailíniú le **stíl amhairc agus mana na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme.**

Ba cheart duit d'imeacht nó do ghníomhaíocht a chur chun cinn roimh ré trí úsáid a bhaint as gréasáin atá ann cheana cosúil le hardáin meán sóisialta, na meáin áitiúla agus teagmháil dhíreach. I ndiaidh an imeachta, is féidir leat torthaí d'eispéiris a roinnt trí úsáid a bhaint as na haischlibeanna #EUVocationalSkills agus #DiscoverYourTalent. Chomh maith leis sin, d'fhéadfá teachtaireacht foláirimh a chur chuig cuntais meán sóisialta na hArd-Stiúrthóireachta um Fhostaíocht nó na cuntais sin a chlibeáil (@EU_social agus @EuropeanYouthEU ar Twitter, agus Social Europe agus European Youth ar Facebook).

# CEISTEANNA COITIANTA

**Cathain a reáchtálfar an ghníomhaíocht seo?**

Molaimid go mbeadh imeachtaí nó gníomhaíochtaí na bliana seo á reáchtáil idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2018. Cuirfear críoch leis an tSeachtain le gníomhaíochtaí i Vín idir 5-9 Samhain 2018.

**An bhfuil srianta ar bith ann maidir le páirt a ghlacadh?**

Ní mór go gcomhlíonfaidh do thogra na híoschaighdeáin cháilíochta:

- Léargas a thabhairt ar do thiomantas do **bharr feabhais sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint**, agus/nó na **deiseanna a d'fhéadfadh a bheith á dtairiscint ag an ngairmoideachas agus ag an ngairmoiliúint;**
- É a bheith mar aidhm **feabhas a chur ar íomhá, mealltacht agus cáilíocht** an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus deis rannpháirtíochta a thabhairt do pháirtithe leasmhara difriúla (go háirithe iad siúd lasmuigh de d'eagraíocht féin agus/nó iad siúd **nach bhfuil bainteach leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint fós**);
- Más féidir, faisnéis a sholáthar maidir leis na **torthaí dearfacha** atá ar fáil;
- Iarracht speisialta a dhéanamh **thar ghnáthghníomhaíocht** d'eagraíochta;
- A bheith sásta cur le **measúnú agus meastóireacht** thionchar agus thorthaí na Seachtaine trí shuirbhé nó agallamh gairid.

Ba cheart an fhaisnéis ar an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú go hiomlán, agus ba cheart an pacáiste cumarsáide a úsáid mar is ceart.

Tabhair ar d'aire le do thoil **nach** chun críche tráchtála an tionscnamh seo agus nach bhfuil sé deartha díreach chun cúrsaí oiliúna a chur chun cinn.

**An bhfuil fóirdheontais ar fáil?**

Níl — tá cúnamh comhchineáil á chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach trí imeachtaí a chur chun cinn trí na meáin shóisialta, trí ábhair phromóisin a chur ar fáil i dteangacha éagsúla, agus trí chlúdach cuimsitheach ar na meáin a chinntiú. Ní sholáthraítear rochtain ar mhaoiniú AE ar bith trí imeacht nó gníomhaíocht a chlárú ar leathanach gréasáin na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme.

**An mbeidh Seachtain Eorpach um Scileanna Gairme eile ar siúl an bhliain seo chugainn?**

Beidh! Beidh Seachtain Eorpach um Scileanna Gairme 2019 ar siúl sa dara leath de 2019.

## TUILLEADH FAISNÉISE

- **Suíomh gréasáin:** http://ec.europa.eu/vocational-skills-week
- **R-phost:** empl-vocational-skills-week@ec.europa.eu

## GLAC PÁIRT I SEACHTAIN EORPACH UM SCILEANNA GAIRME 2018 agus TABHAIR DO THALLANN CHUN SOLAIS!